


# ELeathanach 472



Dé Máirt, an 11 Meitheamh 2024
Bíodh samhradh breá agaibh!




### Teach Your Cat Irish

Tá leabhar nua sa leabharlann áitiúil! ***Teach Your Cat Irish*** is ainm don leabhar. Ar mhaith leat Gaeilge a mhúineadh do do chat?

Cabhróidh an leabhar seo leat Gaeilge a labhairt le do pheata sa bhaile. Is í Anne Cakebread an t-údar. An bhfuil Gaeilge ag do pheata?

### An Lúthchleasaíocht

Comhghairdeas le Ciara Mageean! Bhuaigh sí an bonn óir sa rás 1,500 méadar i gCraobh Lúthchleasaíochta na hEorpa. Bhí an-áthas uirthi! Is as Port an Pheire di i gContae An Dúin.

Bhí an comórtas ar siúl sa Róimh. Bhuaigh ceathrar Éireannach an bonn óir sa rás sealaíochta 4 x 400 méadar. Chris O'Donnell, Rhasidat Adeleke, Thomas Barr agus Sharlene Mawdsley is ainm dóibh! Comhghairdeas leo chomh maith!

Agus d'éirigh le Rhasidat Adeleke bonn airgid a bhuachan sa rás 400 méadar aréir. Bhí cúpla lá iontach ag foireann na hÉireann!



Tá Chris O'Donnell, Rhasidat Adeleke, Thomas Barr agus Sharlene Mawdsley le feiceáil sa ghrianghraf seo.

### Uachtar Reoite – Turgnamh Eolaíochta!

Rang a cúig i Scoil Náisiúnta Bhaile Bachaille i mBaile Átha Cliath, rinne siad uachtar reoite i mála don cheacht Eolaíochta an tseachtain seo caite. Sheol na páistí na céimeanna chugainn as Gaeilge!

Cupán bainne, siúcra – 2 spúnóg bhoird, úsc fanaile – 1/3 spúnog bhoird, salann – dhá spúnóg bhoird, mála plaisteach beag, mála plaisteach mór agus tuáille

1. Cuir an bainne, siúcra agus úsc fanaile sa mhála plaisteach beag.
2. Dún an mála beag.
3. Cuir oighear sa mhála plaisteach mór, ionas go líonann sé leath an mhála
4. Cuir an salann isteach sa mhála plaisteach mór
5. Croith an mála ar feadh cúig nóiméad
6. Bain taineamh as an uachtar reoite!

